# Léigh Leabhar Gaeilge

2026

pacáiste acmhainní
*resource pack*



LOVE LEABHAR GAEILGE

Foras na Gaeilge

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

Is í **Leabhair Pháistí Éireann** an eagraíocht náisiúnta carthanachta agus ealaíne a chosnaíonn agus a chuireann chun cinn an ceart atá ag gach páiste grá don léitheoireacht a fhás agus a fhorbairt. Tá sé mar aidhm againn grá don léitheoireacht a spreagadh i bpáistí agus daoine óga ar oileán na hÉireann agus cás a dhéanamh maidir le leabhair den scoth a sholáthar go cothrom. Roinnimid ár gcuid saineolais agus ár gcuid díograise leis na daoine fásta a threoraíonn na léitheoirí óga agus a théann i bhfeidhm orthu, agus cuirimid ina luí ar scoileanna agus suíomhanna luath-óige gur fiú cultúr dearfach a chothú maidir leis an léitheoireacht agus an léitheoireacht os ard. Tugaimid tacaíocht d'údair agus do mhaisitheoirí, cuirimid chun cinn iad agus nascaimid iad lena lucht léitheoireachta.

**childrensbooksireland.ie**

**#EveryChildAReader**

**@kidsbooksirel**
**@childrensbooksireland**
**Children's Books Ireland**
**@kidsbooksirel**
**@childrensbooksireland.ie**

**Children's Books Ireland/Leabhair Pháistí Éireann**
First Floor, 17 North Great Georges Street,
Dublin 1, D01 R2F1
Telephone: 00 353 1 8727475
info@childrensbooksireland.ie
childrensbooksireland.ie
Charity Reg. No. 20040963
CHY. No. 12911

**Eagarthóir:**
Conall Mac Dhonnagáin

**Táirgeadh:**
Jenny Murray

**Dearthóir:**
fintanwall.com | WallHello

Foilsíodh an treoirleabhar seo i mí Feabhra 2026.

Faigheann **Children's Books Ireland/ Leabhair Pháistí Éireann** tacaíocht airgeadais ó **The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon**,
70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

Cuireann **Love Leabhar Gaeilge** le **Foras na Gaeilge** leabhair Ghaeilge chun cinn ar fud na hÉireann i measc léitheoirí, i siopaí leabhar, ar líne agus trí acmhainní agus ócáidí do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu i leabhair Ghaeilge.

Tá Love Leabhar Gaeilge le Foras na Gaeilge ag iarraidh níos mó feasacht a bhaint amach go leabhair Ghaeilge agus mar thoradh ar seo tá muid ag súil go mbeadh níos mó daoine ag léamh agus ag ceannach leabhar Gaeilge.

Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an aistear nua seo linn agus muid ag cothú agus ag cumasú léitheoirí Gaeilge, idir óg agus aosta, fud fad na hÉireann agus níos faide i gcéin. Aimsigh an scéal is ansa leatsa anois trí chlárú don nuacht is déanaí inár nuachtlitir a bheidh á roinnt go rialta le léitheoirí!

**loveleabhargaeilge.ie**
**#LoveLeabharGaeilge**

**@loveleabhargaeilge**
**@loveleabharg**
**@LoveLeabharG**
**@love-leabhar-gaeilge**
**@loveleabhargaeilge.bsky.social**

Léaráid clúdaigh le Paddy Donnelly ó *Na Trí Mhuicín*, scríofa ag Áine Ní Ghlinn. Futa Fata 2024

Cuireadh an Pacáiste Acmhainní seo ar fáil le tacaíocht airgeadais ó Fhoras na Gaeilge

# BEARRADH GRUAIGE d'EOINÍN




**Muireann Ní Chíobháin**

**Maisithe ag Róisín Hahessy**

FUTA FATA

CAIRTCHLÁR, 12LCH, €8.95

ISBN 9781915684219

**Oiriúnach do 0–4**

## Téamaí

- Buairt
- Crógacht
- Eispéireas nua
- Athrú

## Achoimre

Is uan óg é Eoinín agus tá a chuid gruaige fásta chomh mór sin go bhfuil Eoinín i bhfolach faoi agus éin ag déanamh neide ann. Téann sé chuig an mbearbóir ach níl sé sona faoi dhul. Is leon é an bearbóir agus cuireann sé seampú i ngruaig Eoinín. Taitníonn an boladh le hEoinín agus iarrtar orainn sobal a chuimilt ina chuid gruaige. Tagann buairt air áfach nuair a fheiceann sé an siosúr agus dúnann sé a shúile. Iarrtar orainn greim a bhreith ar lámh Eoinín le cabhrú leis a bheith cróga. Gearrtar gruaig Eoinín agus déantar é a chíoradh. Iarrtar orainn an triomadóir a úsáid chun an ghruaig a thriomú. Tá an triomadóir glórach ach taitníonn an teas le hEoinín. Taispeánann an bearbóir d'Eoinín conas mar a bhreathnaíonn a chuid gruaige anois agus tá Eoinín sona sásta arís.

## Faoin Údar

Is scéalaí agus údar í Muireann Ní Chíobháin a bhíonn ag taisteal timpeall na tíre ag scéalaíocht. Tá leabhair scríofa aici as Gaeilge agus as Béarla, ina measc *Scúnc agus Smúirín*, a ainmníodh ar ghearrliosta Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann in 2020. Scríobhann sí agus cuireann sí cláracha i láthair ar TG4 agus RTÉJr chomh maith agus is comhalta boird í le TG4.

## Faoin Maisitheoir

Is ealaíontóir í Róisín Hahessy a bhfuil os cionn caoga leabhar maisithe aici. Tá leabhair dá cuid foilsithe ag Usborne, Little Tiger agus Futa Fata, i measc foilsitheoirí eile. I ndiaidh di cáilíocht a fháil ó choláiste beochana i mBaile Átha Cliath, chuaigh sí ag obair i ngrafaicí teilifíse. Tá sí lonnaithe sa Phortaingéil anois agus is ball í den chomharghrúpa ealaíne Squid Ink Works in Porto.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Breathnaigh ar an gclúdach. Cén chineál pearsantacht atá ag Eoinín dar leat?
2. Breathnaigh ar ghruaig Eoinín. Cén fáth ar cheart dó bearradh gruaige a fháil?
3. Is leabhar cairtchláir é seo. Conas a mhothaíonn sé i do lámha? An dtaitníonn an bealach a mhothaíonn an cairtchlár leat?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Tá Eoinín i bhfolach ar an gcéad leathanach. Cad a bhreathnaíonn a chuid gruaige cosúil leis?
2. Is uan óg é Eoinín. An bhfuil uan feicthe agat cheana? Má tá, cén áit? Cén fhuaim a dhéanann uan?
3. Féach ar na héin i ngruaig Eoinín. An bhfuil nead éin feicthe agat cheana? Cén áit eile a dtógann éin nead?
4. Níl Eoinín sásta agus é ag dul chuig an mbearbóir ar dtús. Cén fáth? An dtaitníonn sé leatsa nuair a théann tú chuig bearbóir nó gruagaire?
5. Is leon é an bearbóir. An dtaitníonn a chuid gruaige leat? Cad a cheapfá dá mbeadh leon mar bhearbóir agatsa?
6. Cad a fheiceann tú ar naprún Eoinín agus é suite? Má théann tusa chuig bearbóir nó gruagaire, cad ba mhaith leatsa a bheith ar do naprún?
7. Déantar sobal ar cheann Eoinín leis an seampú. An maith leatsa an bealach a mhothaíonn seampú? An dtaitníonn sé leat sobal a chuimilt i do chuid gruaige?
8. Dúnann Eoinín a shúile nuair a bhíonn sé buartha. Cad a dhéanann tusa nuair a bhíonn tú buartha? An gcabhraíonn sé leatsa breith ar lámh le cara?
9. Samhlaigh breith ar lámh Eoinín. An mothaíonn a lámh difriúil ó lámh duine toisc gur uan é? Cén chaoi?
10. Brúigh an cnaipe ar an triomadóir. Cén fhuaim a dhéanann triomadóir?
11. Taitníonn an teas ón triomadóir le hEoinín. An dtaitníonn sé leatsa do chuid gruaige a thriomú?
12. Tá Eoinín sona sásta anois agus a ghruaig gearrtha. An ndearna sé an rud ceart a bheith cróga agus dul chuig an mbearbóir?
13. Tá líreacán i lámh Eoinín ag an deireadh. Cé a cheapann tú a thug an líreacán d'Eoinín agus cén fáth?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Breathnaigh siar ar na pictiúir sa leabhar. An dtaitníonn na dathanna geala ann leat?
2. Bhí ar Eoinín a bheith cróga agus é ag dul chuig an mbearbóir. An raibh ortsa a bheith cróga agus tú ag triail rudaí nua cheana? Nó an dtaitníonn sé leat rudaí nua a dhéanamh?
3. Tá athrú mór ar chuma Eoinín idir an chéad leathanach agus an leathanach deiridh. An bhfuil athrú mór tagtha ar an gcuma atá ortsa ó bhí tú níos óige? Cén chaoi?
4. Dá scríobhfá scéal eile le hEoinín mar phríomhcharachtar, cad a dhéanfadh sé ann?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Cén fáth a bhfuil Eoinín buartha faoina chuid gruaige a fháil gearrtha, dar leat?
2. An dtaitníonn an bearbóir leat mar charachtar? Ainmnigh ainmhí eile a d'fhéadfá a shamhlú mar bhearbóir agus mínigh do rogha.
3. Dá mbeadh aithne agat ar pháiste an-óg atá buartha faoi rud éigin, an gcabhródh an leabhar seo leo? Cén fáth?
4. Iarrtar ar an léitheoir cúpla gníomh a dhéanamh le bheith páirteach sa scéal. Cad iad? An gceapann tú go gcabhraíonn siad leis an léitheoir páirt a ghlacadh sa scéal?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Déan an scéal a aithris, le duine amháin i ról Eoinín agus duine eile i ról an bhearbóra ach gach aon phrapaí a úsáid. (Ba cheart don bhearbóir ligean orthu gur siosúr iad na méara atá acu agus ligean orthu go bhfuil seampú acu seachas fíor-siosúr agus seampú a úsáid!)
- Cruthaigh d'Eoinín féin le holann agus páipéar. Cruthaigh naprún dó freisin le dearadh éagsúil.
- Tarraing pictiúr d'Eoinín ach tabhair stíl gruaige eile dó.
- Déanann an triomadóir gleo mór. Smaoinigh ar rudaí eile a dhéanann gleo agus abair cén ghleo a dhéanann siad os ard.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Scríobh rann gairid leis an líne 'Sobailín Bobailín, Sobailín Bobailín!' ann.
- Cruthaigh carachtar breise a d'fhéadfá a chur isteach sa scéal agus mínigh cad a dhéanfadh siad.
- Léiríonn Eoinín crógacht sa scéal seo. Aimsigh scéal eile ina bhfuil duine cróga ann agus abair cén fáth a bhfuil an duine sin cróga dar leat.
- Smaoinigh ar ghníomh a rinne tú a raibh tú buartha faoi nó a bhí dúshlánach le déanamh. Scríobh agus tarraing scéal faoi agus iarr ar an léitheoir cabhrú leat an gníomh a dhéanamh.


# AN DRÚCHTÍN AGUS AN SEILIDE

**Oein DeBhairduin**

**Maisithe ag Olya Anima**

SKEIN PRESS agus LITTLE ISLAND BOOKS
CRUA, 32LCH, €16.99
ISBN 9781915071316

**Oiriúnach do 2–4, 5–7**




## Téamaí

- Éagsúlacht
- Tuiscint
- Baile
- Saoirse
- Béaloideas

## Achoimre

Tá dhá dhrúchtín, deartháireacha, ag taisteal ar an mbóthar nuair a bhuaileann siad le préachán. Fiafraíonn an préachán díobh cá bhfuil a mbaile. Déanann deartháir amháin baile a chruthú dó féin ar féidir leis a iompar ar a dhroim agus tugann sé seilide air féin. Téann an bheirt ina mbealach féin ar feadh tamaill ar dtús, ach de réir a chéile, aithníonn siad an gaol agus na cosúlachtaí atá eatarthu in ainneoin na n-éagsúlachtaí.

## Faoin Údar

Is scríbhneoir agus gníomhaí de chuid an Lucht Siúil é Oein DeBhairduin. Is comhbhunaitheoir é de LGBT TARA (Traveller and Roma Alliance). Foilsíodh an chéad leabhar aige, *Why the moon travels*, in 2020. Bailiúchán de scéalta ón Lucht Siúil a bhí sa leabhar sin agus bhuaigh sé Duais Speisialta na Moltóirí ag Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann in 2021. Is é *An Drúchtín agus an Seilide* an ceathrú leabhar atá scríofa aige agus an chéad leabhar leis a foilsíodh as Gaeilge agus as Béarla (faoin teideal *The Slug and the Snail*).

## Faoin Maisitheoir

Is ealaíontóir, maisitheoir agus amharcscéalaí í Olya Anima. Tá céim bhaitsiléara sa bheochan aici agus céim mháistreachta i maisiú leabhar do pháistí ó Scoil Ealaíne Cambridge. Cruthaíonn sí gearrscannáin bheochana agus d’eisigh sí an gearrscannán *The Last Leaf* in 2016.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Is scéal é seo faoi bheirt deartháireacha atá éagsúil óna chéile. An bhfuil siblíní agatsa? Conas atá tusa éagsúil ó do shiblíní nó ó dhaoine eile?
2. Breathnaigh ar an gclúdach agus déan cur cíos ar na carachtair ann.
3. An bhfuil drúchtín nó seilide feicthe agat cheana? Cén chuma atá ar dhrúchtíní nó seilidí sa bhfíorshaol?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cá bhfuil na drúchtíní ag tús an scéil? Cad atá ar bun acu?
2. 'Ní raibh siad cinnte i gcónaí cá raibh a dtriall.' An mbíonn a fhios agatsa i gcónaí cá bhfuil tú ag dul? Cén fáth?
3. Feicimid na drúchtíní ag baint sásamh as an nádúr. Cad é an rud is mó a thaitníonn leatsa faoin nádúr?
4. An bhfuil an seanphréachán scanrúil, dar leat? Cén chuma atá uirthi sna pictiúir?
5. Déan cur síos ar an teach atá ag an bpréachán.
6. Cén fáth a dtagann náire ar an deartháir beag?
7. Déanann an deartháir beag cinneadh teach a thógáil dó féin. Cad a d'fhéadfadh sé a chur ina theach?
8. Cén chruth atá ar an teach a chruthaíonn an deartháir beag? Cén fáth a dhéanann sé é sa chruth sin?
9. Deir an deartháir beag nach dtuigeann a dheartháir mór é. Smaoinigh ar uair i do shaol gur cheap tú nár thuig duine eile tú.
10. Déanann an deartháir mór cinneadh gan teach a thógáil ar a dhroim. Cén fáth, dar leat?
11. Tá an deartháir beag an-bhródúil as a theach nua. Cad atá déanta agatsa a bhfuil tú bródúil as?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Roghnaigh an pictiúr is fearr leat agus mínigh do rogha.
2. Cén chaoi a bhfuil na deartháireacha éagsúil óna chéile? Cén chaoi a bhfuil siad cosúil lena chéile?
3. Deir an t-athair ag an deireadh go bhféadfaimis foghlaim ó na drúchtíní, na seilidí agus na préacháin. Cad a d'fhoghlaim tusa ón scéal seo?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Tagann an scéal seo ón Lucht Siúil. Cé hiad an Lucht Siúil?
2. Is scéal béaloidis é seo. Cad iad na scéalta béaloidis eile atá ar eolas agat? Cad é an scéal béaloidis is fearr leat?
3. Baintear úsáid as uaim (nuair a bhíonn na litreacha céanna ag tús roinnt focal san abairt chéanna) sa leabhar. Aimsigh sampla de seo.
4. An bhfuil an seanphréachán gránna, dar leat? Cén fáth?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Ag tús an leabhair, deir an t-údar nach bhfuair sé cuireadh chuig cóisir nuair a bhí sé beag. Déan cuireadh a dhearadh dó chuig cóisir a bheadh agatsa.
- Deir an deartháir mór go bhfuil a theach 'Anseo', sa domhan mórthimpeall air. Dá bhféadfá dul aon áit ar domhan, cén áit ar mhaith leat dul? Aimsigh léarscáil den domhan agus déan é a chóipeáil. Tarraing líne idir na háiteanna ar mhaith leat dul.
- Cruthaigh teach don phréachán as géagáin, cipíní agus féar, agus fág i gcrann nó i sceach é.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Samhlaigh gur tusa an t-athair ag tús an leabhair. Inis scéal don pháiste chun é a chur ar a shuaimhneas.
- Samhlaigh gur tusa an deartháir beag agus teach á thógáil agat duit féin. Tarraing an teach agus na nithe a bheadh agat sa teach.
- Scríobh nó tarraing scéal eile ina dtéann an drúchtín agus an seilide ar aistear.

# NA TRÍ MHUICÍN

**Áine Ní Ghlinn**
**Maisithe ag Paddy Donnelly**

FUTA FATA
CRUA, 32LCH, €12.95
ISBN 9781915684110

**Oiriúnach do 2–4, 5–7**




## Téamaí

- Eagla
- Saint
- Obair chrua
- Clisteacht

## Achoimre

Crúibín, Láib agus Pincín is ainm do na muicíní. Éiríonn siad mór agus bíonn orthu cró na muc a fhágáil. Tógann Crúibín teach le tuí agus tógann Pincín teach le cipíní. Tagann mac tíre chuig a dtithe ach nuair a fheiceann sé Láib le bara rotha lán le brící, déanann sé cinneadh fanacht leis an triúr a ithe le chéile. Tógann Láib a teach le brící agus í ag obair go dian. Tagann an mac tíre chuig teach tuí Chrúibín ar dtús ach diúltaíonn Crúibín é a ligean isteach. Séideann an mac tíre an teach as a chéile ach éalaíonn Crúibín. Tagann an mac tíre chuig teach Phincín agus séideann sé na cipíní ar fud na háite freisin ach éalaíonn na muca chuig teach Láib. Déanann an mac tíre iarracht teach Láib a shéideadh agus a scriosadh ach ní éiríonn leis. Déanann sé iarracht teacht orthu tríd an simléar ach titeann sé isteach i bpota uisce fiuchta atá ullmhaithe ag na muca. Teitheann an mac tíre agus fágtar na muca sona sásta sa teach brící.

## Faoin Údar

Is scríbhneoir í Áine Ní Ghlinn a bhfuil os cionn tríocha leabhar scríofa aici do pháistí agus daoine óga, ina measc pictiúrleabhair, úrscéalta, drámaí agus cnuasaigh filíochta. Ba í Áine Laureate na nÓg ón mbliain 2020 go 2023 agus an chéad Laureate na nÓg a bhíonn ag scríobh as Gaeilge amháin. Bhuaigh sí Gradam Réics Carló ceithre huaire lena leabhair *Daideo*, *Hata Zú Mhamó*, *Boscadán* agus an leabhar seo, *Na Trí Mhuicín*.

## Faoin Maisitheoir

Tá Paddy Donnelly ag obair mar mhaisitheoir agus dearthóir le fiche bliain anuas. Roghnaíodh leabhar eile leis, *Fox & Son Tailers*, do Lá Domhanda na Leabhar in 2025. Bhuaigh sé Specsavers Leabhar na Bliana do Pháistí (sa chatagóir Sóisearach) ag Gradaim Leabhair An Post 2024 don leabhar *The Golden Hare*. D'fhás sé aníos ar chósta thuaidh na hÉireann ach tá sé ina chónaí sa Bheilg anois.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. An bhfuil scéal seo cloiste agat cheana? Cad a cheap tú de? Cad a cheapann tú a tharlóidh sa leagan seo?
2. Breathnaigh ar an gclúdach. Cé leis an béal mór ag an mbarr ar dheis?
3. An bhfuil muca feicthe agat cheana? Cén áit? Cén fhuaim a dhéanann muca?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cén chineál cluichí a d'fhéadfadh na muicíní a imirt agus iad sa chró?
2. Cén fáth ar gá do na muca an cró a fhágáil?
3. Tá an mac tíre ag iarraidh na muca a ithe. Cén bia is fearr leatsa?
4. Thóg Crúibín teach le tuí agus thóg Pincín teach le cipíní. Déan cur síos ar a dtithe.
5. Breathnaíonn an mac tíre tríd an bhfuinneog ar na muca. Cad atá ar siúl ag na muca?
6. Thóg Láib teach le brící. An gceapann tú gur thóg sé tamall fada uirthi an teach a thógáil?
7. Tá eagla ar Chrúibín nuair a bhuaileann an mac tíre cnag ar an doras. An mbeadh eagla ortsa dá mbeadh mac tíre ag do dhoras? Cén fáth?
8. Séideann an mac tíre an teach tuí go talamh. Cén fáth a dtitfeadh teach tuí as a chéile le séideadh?
9. Ní raibh an mac tíre in ann Crúibín agus Pincín a aimsiú nuair a shéid sé an teach cipíní go talamh. Cén chaoi ar éiligh siad dar leat?
10. Níor ghéill Láib don mhac tíre. Cén chinéal pearsantacht atá aici?
11. Cad a tharlaíonn nuair a dhéanann an mac tíre iarracht an teach brící a shéideadh?
12. Téann an mac tíre tríd an simléar. An bhfuil aon bhealach eile a d'fhéadfadh sé dul isteach sa teach?
13. Conas a chuireann na muca an ruaig ar an mac tíre?
14. Cad atá ar siúl ag Crúibín, Láib agus Pincín ar an leathanach deireanach?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Roghnaigh an líne agus an pictiúr is fearr leat agus mínigh do rogha. An bhfuil an líne agus an pictiúr a roghnaigh tú ar an leathanach céanna?
2. Cén chaoi a bhfuil na muicíní éagsúil óna chéile?
3. Cad a cheap tú faoi na dathanna atá sa leabhar seo?
4. Aimsigh grianghraif de mhac tíre sa bhfíorshaol. Conas atá an mac tíre sa leabhar difriúil ón mac tíre sin?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Tá rím ag dul tríd an leabhar ar fad. Ar thaitin an rím agus an rithim leat? Cén fáth?
2. Is fabhalscéal cáiliúil é Na Trí Mhuicín. Cad atá difriúil faoin leagan seo agus leaganacha eile den scéal atá cloiste agat?
3. Smaoiníonn an mac tíre ar na muca mar bhia seachas mar ainmhithe atá beo. Cad a deir sin leat faoin mac tíre? Cén teachtaireacht a bhaineann tú as sin?
4. Conas atá an teach tuí agus an teach cipíní éagsúil ón teach brící? Cén fáth atá leis sin?
5. Cén chaoi a gcuireann an maisitheoir in iúl go bhfuil an mac tíre scanrúil?
6. 'Bíonn rath ar obair chrua.' Agus an scéal seo léite agat, an aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Mínigh do fhreagra.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Seachas mac tíre, tarraing ainmhí eile atá scanrúil dar leat.
- Cruthaigh masc duit féin as páipéar bunaithe ar na muca nó ar an mac tíre.
- Tosaíonn an mac tíre ag smúradh thart. Déan smúradh le do shrón. Déan cur síos ar an mboladh is mó a thaitníonn leatsa.
- Séideann an mac tíre an teach go talamh. Roghnaigh trí rud agus dén iad a shéideadh le do bhéal. Cuir na rudaí in ord, ag tosú leis an rud a bhog an méid is mó.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Scríobh rann gairid leis an líne 'Cnag! Cnag! Cnag! A haon, 'dó trí' ann.
- Roghnaigh ceann amháin de thithe na muicíní agus tarraing an leagan amach a d'fhéadfadh a bheith air. Is féidir é a tharraingt mar phlean úrláir nó ar nós go bhfuil tú ag breathnú ar an teach ón taobh tríd na ballaí.
- Scríobh nó tarraing scéal eile ina bhfuil an mac tíre mar charachtar ann.
- Dá mbeadh tusa ag tógáil tí, conas a thógfá é? Cuir liosta siopadóireachta le chéile do na hábhair a bheadh uait leis an teach a thógáil.


# RITA AGUS AN DINEASÁR

**Máire Zepf**

**Maisithe ag Mr Ando**

An tSNÁTHAID MHÓR
BOG, 32LCH, €9.99
ISBN 9781912929351

**Oiriúnach do 2–4, 5–7**




## Téamaí

- Samhlaíocht
- Cairdeas
- Grá
- Freagracht

## Achoimre

Téann an rógaire beag rua, Rita, ag eachtraíocht léi. Tosaíonn Ríta ag smaoineamh ar an gcineál peata ar mhaith léi, ach níl gnáthpheata leadránach uaithi. Ba mhaith léi dineasár a bheith aici. Samhlaíonn Rita na rudaí ar fad a dhéanfadh sí féin agus an dineasár le chéile – ach b'fhéidir go bhfuil an iomarca deacrachtaí ag baint le haire a thabhairt do dhineasár!

## Faoin Údar

Is scríbhneoir í Máire Zepf a bhfuil sé leabhar déag scríofa aici. Bhuaigh sí Leabhar na Bliana ag Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann in 2020 lena leabhar véarsaíochta do dhéagóirí, *Nóinín*. Léim Rita ón leathanach go dtí an scáileán in 2024 le sraith beochana ar Cúla4, scríofa agus curtha i láthair ag Máire Zepf. Ó shin, chruthaigh sí féin agus Gráinne McGuinness an tsraith Lí Ban do Cúla4 freisin.

## Faoin Maisitheoir

Is ealaíontóir agus maisitheoir é Mr Ando (Andrew Whitson) a bhunaigh an comhlacht foilsitheoireachta An tSnáthaid Mhór. Tá cúig leabhar is tríocha maisithe aige go dtí seo. Chomh maith le Rita, chruthaigh sé ceithre shraith eile in éineacht le scríbhneoirí – Muireann, *Ag Buzzáil sa Ghairdín/Óstán na bhFeithidí*, *Daidí na Nollag/Saintí sa Bhaile* agus an ceann is déanaí, Nano.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Cad atá ar eolas agat faoi dhineasáir?
2. Cén chineál dineasár is fearr leat?
3. Dá mbeadh dineasár mar pheata agatsa, cad ba mhaith leat a dhéanamh leis?
4. An bhfuil peata agatsa? Má tá, cén chineál ainmhí atá ann? Muna bhfuil, cén chineál peata ar mhaith leat a bheith agat?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cad iad na peataí a fheiceann Rita sa pháirc ar an gcéad leathanach?
2. Cén fáth a bhfuil dineasár ag teastáil ó Rita?
3. Athraíonn éadaí Rita nuair a deir sí go bhfuil dineasár uaithi. Cén fáth a dtarlaíonn seo, dar leat?
4. Dá rachfá ag marcaíocht ar dhineasár, cá rachfá?
5. Déan cur síos ar an gceantar mórthimpeall nuair a shleamhnaíonn Rita síos an dineasár.
6. Cad atá ar bun ag Rita agus í suite faoin dineasár sa bháisteach?
7. Cén chineál bia a thugann Rita don dineasár? Cén chineál bia a thabharfása do dhineasár?
8. Cén chuma atá ar na daoine eile atá suite ag an mbord ag ithe?
9. Cé chomh mór is atá an dineasár?
10. Tá teidí ag an dineasár ag é ina chodladh. An bhfuil teidí agatsa i do leaba? Cén t-ainm a thabharfá do theidí?
11. Conas a dhéanann an dineasár damáiste don cheantar mórthimpeall air?
12. Cad atá á chaitheamh ag deartháir beag Rita ag deireadh an scéil?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Cad iad na deacrachtaí a bhainfeadh le dineasár a bheith agat mar pheata?
2. Cad a cheap tú faoi na dathanna atá sa leabhar seo?
3. Aimsigh pictiúr de dhineasár eile. Conas atá an dineasár sin éagsúil ón gceann sa leabhar?
4. Samhlaigh gur tháinig dineasár chuig do cheantar áitiúil. Cad a d'fheicfeadh sé?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Is cineál cara samhailteach é an dineasár do Rita. An raibh cara samhailteach agatsa riamh?
2. Cén chineál duine í Rita?
3. 'Cuireann daoine fásta srian ar shamhlaíocht dhaoine óga.' An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Cén fáth?
4. Cén cheacht a d'fhéadfadh léitheoirí foghlaim ón leabhar seo?


# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Tarraing dineasár eile atá éagsúil ón gceann sa leabhar.
- Déanann Rita fuaimeanna éagsúla sa scéal. Smaoinigh ar fhuaim a dhéanann tusa agus litrigh é.
- Is maith le Rita a bheith gníomhach. Smaoinigh ar ghníomh eile nach bhfuil sa leabhar a d'fhéadfadh sí a dhéanamh leis an dineasár.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Smaoinigh ar chluiche a d'imreofá le dineasár. Mínigh an cluiche do dhuine eile ar nós gur dineasár é an duine sin.
- Cuir tú féin in áit Rita agus cruthaigh do scéal féin leis an dineasár.
- Dá mbeadh dineasár agat, cad a bheadh ag teastáil uait chun aire a thabhairt don dineasár? Cuir liosta le chéile leis na nithe sin.

# AN FIA SA CHOILL




**Sadhbh Devlin**
**Maisithe ag Anastasia Melnykova**

FUTA FATA
CRUA, 42LCH, €14.95
ISBN 9781915684165

**Oiriúnach do 5–7, 8–10**

## Téamaí

- Draíocht
- Grá
- Mistéir
- Cuimhne

## Achoimre

Tá Fionn Mac Cumhaill amuigh ag seilg nuair a thagann sé ar fhia sa choill. Tugann sé abhaile leis í ach nuair a fhilleann siad ar Dhún Almhain, athraíonn an fia isteach ina bean álainn darb ainm Sadhbh. Titeann Fionn i ngrá léi ach bíonn tromluithe aici agus í ag béicíl agus í ina codladh. Insíonn Sadhbh d'Fhionn gur tháinig sheanfhear gránna chuici blianta roimhe sin agus é ag iarraidh í a phósadh, ach nuair a dhiúltaigh sí dó, d'athraigh sé isteach ina fia í. D'fhuadaigh an seanfhear í ach d'éirigh léi éalú. Agus an scéal inste, pósann Sadhbh agus Fionn agus faigheann siad amach go mbeidh leanbh acu. Nuair a imíonn Fionn le troid i gcoinne na Lochlannach, tagann an seanfhear go Dún Almhain agus athraíonn sé Sadhbh isteach ina fia arís. Cuardaíonn Fionn an tír iomlán ar feadh seacht mbliana agus ar deireadh tagann sé ar bhuachaill óg, mac leis féin agus Sadhbh. Tugann sé Oisín ar a mhac agus fásann Oisín suas le Fionn, ach cuimhníonn an bheirt ar Shadhbh go deo.

## Faoin Údar

Is scríbhneoir do pháistí í Sadhbh Devlin a bhfuil cúig leabhar do pháistí scríofa aici agus foilsithe le Futa Fata. Bhuaigh sí Gradam Leabhar na Bliana ó Chumann Litearthachta na hÉireann le *Geansaí Ottó* agus Gradam Réics Carló le *Amuigh Faoin Spéir*. Bhí sí ina Scríbhneoir Cónaithe le DLR in 2019/2020 agus ina Scríbhneoir Cónaithe Gaeilge le DCU in 2022.

## Faoin Maisitheoir

Is ealaíontóir ón Úcráin í Anastasia Melnykova ach tá cónaí uirthi i gCorcaigh lena teaghlach le blianta beaga anuas. Chomh maith le leabhair do pháistí a mhaisiú, cruthaíonn sí priontaí agus déanann sí eitseáil. Tá ealaín léi le feiceáil i ngailearaithe sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Eilvéis agus i dtíortha eile.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Is finscéal é seo faoi Fhionn Mac Cumhaill agus a bhean chéile, Sadhbh. Ar chuala tú faoi Shadhbh roimhe seo?
2. Ainmnigh scéal eile le Fionn Mac Cumhaill mar charachtar ann.
3. Breathnaigh ar shúile an fhia ar an gclúdach. Cén dath atá orthu?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Déan cur síos ar Bhran agus Sceolán.
2. Cén fáth ar thuig Fionn go raibh an fia speisialta?
3. Dá mbeifeá i d'ainmhí, cén chineál ainmhí a bheadh ionat?
4. Cad a spreagann Sadhbh le canadh?
5. Cén chineál ceoil a cheapann tú a sheinn an cruitire? An gceapann tú go raibh an t-amhrán sona nó brónach?
6. Cruthaíonn Sadhbh leigheas as luibheanna. Ainmnigh luibh nó planda agus tarraing pictiúr de.
7. Cabhraíonn Sadhbh le daoine atá tinn nó gortaithe. An raibh tusa tinn nó gortaithe cheana? Cad a chabhraigh leat éirí níos fearr?
8. Déan cur síos ar an seanfhear gránna sa bhrionglóid.
9. Conas ar éirigh le Sadhbh éalú ón seanfhear?
10. Pósann Sadhbh agus Fionn a chéile. Déan cur síos ar cad a tharla ar lá an phósta, dar leat.
11. Imíonn Fionn le stop a chur leis na Lochlannaigh. Tarraing pictiúr d'Fhionn agus na Lochlannaigh in adharca a chéile.
12. Cad a fheiceann Sadhbh agus í ar bhalla an Dúin ag fanacht ar Fhionn?
13. Cén fáth ar cheap Sadhbh gurb é Fionn a bhí ag teacht i dtreo an Dúin?
14. Cad a d'aithin Fionn faoin mbuachaill óg nuair a bhuail sé leis ar dtús?
15. Cén fáth a dtugann Fionn 'Oisín' ar an mbuachaill óg?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. An dtaitníonn na dathanna sna pictiúr leat? Cén fáth?
2. Déanann Bran agus Sceolán tafann nuair a fheiceann siad an fia ag tús an scéil agus an buachaill óg níos déanaí. Déan tafann tú féin. Cad iad na fuaimeanna eile a dhéanann ainmhithe éagsúla atá ar eolas agat?
3. Conas atá Oisín cosúil lena thuistí?
4. Cad é an leathanach is fearr leat sa leabhar? Cén fáth?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Ainmnigh eachtra draíochtúil a tharlaíonn sa scéal agus déan cur síos air.
2. Cuardaíonn Fionn oileán iomlán na hÉireann ar feadh seacht mbliana le Sadhbh a aimsiú. Cad iad na mothúcháin a mhothaigh sé san am sin, dar leat?
3. An bhfuil deireadh an scéil sona nó brónach, dar leat? Cén fáth?
4. Léigh an réamhrá ag tús an leabhair. Cén fáth ar inis an scríbhneoir an scéal seo?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Bíonn drochbhrionglóid ag Sadhbh agus í ina codladh. Scríobh scéal faoin mbrionglóid is déanaí a bhí agatsa.
- Samhlaigh an cuma atá ar Dhún Almhain agus tarraing léarscáil de.
- Aimsigh scéal eile faoi Oisín agus abair cad a tharlaíonn ann.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine


- Agus iad ag titim i ngrá le chéile, insíonn Sadhbh agus Fionn scéalta dá chéile le hiasc draíochta, síoga dána agus púcaí cleasacha. Cruthaigh scéal le ceann de na heiliminti sin mar charachtar ann.
- Samhlaigh go bhfuil tú chun an scéal seo a léamh do ghrúpa agus gur mhaith leat atmaisféar draíochtúil a chruthú. Cad a dhéanfá leis an seomra chun an t-atmaisféar sin a chruthú? Tarraing pictiúr de.
- Deir Fionn go gciallaíonn an t-ainm Oisín 'fia óg'. Cén t-ainm atá ortsa? Faigh amach cén bhrí atá ag d'ainm féin.

# CRANN NA nGUÍONNA

**Tatyana Feeney**

MY IRISH BOOKS
CRUA, 32LCH, €12.00
ISBN 9782919958955

**Oiriúnach do 5–7, 8–10**




## Téamaí

- Cúram
- Suaimhneas

## Achoimre

Bhí crann guíonna suite ar chnoc agus d'fhágfadh daoine a nguíonna ag an gcrann. Bhí ainmhithe móra agus ainmnhithe beaga ina gcónaí ann agus b'áit shábháilte í do gach ainmhí agus gach duine. Bhí a mianta féin ag an gcrann freisin – teas na gréine, séideáin ghaoithe, ceathanna báistí agus cairde.

## Faoin Údar

Is scríbhneoir agus maisitheoir í Tatyana Feeney a d'fhás aníos i Meiriceá ach atá ina cónaí i gContae na Mí anois. Tá leabhair aici i nGaeilge agus i mBéarla. Ainmníodh cuid dá leabhar ar ghearrliostaí do ghradaim éagsúla – KLA Book Award, Waterstone's Children's Book Prize agus Kate Greenaway Medal ina measc. Bhuaigh sí gradam i gcatagóir na bpictiúrleabhar ag na Rotherham Children's Book Awards lena leabhar *Little Owl's Orange Scarf* in 2014. Cuireadh ealaín léi ar taispeáint i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste, Vín, Bologna, Londain and sa Háig.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. An bhfuil crann guíonna feicthe agat cheana? Cad a chuirfeadh tusa i gcrann guíonna?
2. Aimsigh crann sa cheantar áitiúil. Cad atá le feiceáil sa chrann sin?
3. Cén tábhacht a bhaineann le crainn a bheith againn ar domhan?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cad atá le feiceáil ó bharr an chnoic ar a bhfuil an crann?
2. Tá an crann guíonna léi féin ar an gcnocainín ag tús an leabhair. Cén mothúchán a spreagann sin ionat?
3. Fágtar spásanna bána sa spéir ar roinnt mhaith leathanach. Cad a shamhlófá a bheadh sa spéir dá mbeadh sé líonta?
4. Cad iad na guíonna a fhágann daoine sa chrann?
5. Ní fheicimid ach lámha na ndaoine a fhágann na guíonna sa chrann. Bunaithe ar na guíonna a fhágann siad, cén saghas daoine a shamhlaíonn tú atá iontu?
6. Cén chineál ainmhithe móra atá ina gcónaí ag an gcrann?
7. Cén chineál ainmhithe beaga atá ina gcónaí ag an gcrann?
8. Tá áit shábháilte ag éin sa chrann. Cén chineál éin atá le feiceáil i gcrainn in Éirinn?
9. Cén chineál ainmhithe a eitlíonn san oíche?
10. Cé hiad na daoine atá ag dul chuig an gcrann, dar leat?
11. Dá mbeifeá i do chrann, cén ghuí a bheadh agatsa?
12. Cad atá le feiceáil ag séideadh sa ghaoth?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. An dtaitníonn na pictiúir leat sa leabhar seo? Cén fáth?
2. Samhlaigh gur crann tú. Cad a d'fheicfeá in aon lá amháin? Cad a d'fheicfeá san oíche?
3. Cén fáth a bhfuil cairde ag teastáil ón gcrann, dar leat?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Is leabhar é seo le léaráidí simplí agus gan mórán focal. An dtaitníonn sin leat? Cén fáth?
2. Cad iad na mianta atá ag an gcrann sa leabhar seo? Cén fáth a bhfuil na mianta sin aige?
3. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach mianta na gcrann a shásamh agus aire a thabhairt do chrainn?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Faigh leathanach mór páipéir agus tarraing do chrann guíonna féin air. Déan cinnte do chuid guíonna a tharraingt nó a scríobh sa chrann.
- Aimsigh duilleog ó chrann agus cuir faoi leathanach páipéir é. Faigh crián agus cuimil ar an leathanach é go dtí go bhfeiceann tú cruth na duilleoige ar do leathanach.
- Cruthaigh póstaer a thaispeánann cén fáth a bhfuil sé tábhachtach éisteacht le mianta na gcrann.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Léigh faoi na hainmhithe a bhíonn ina gcónaí i gcrainn. Tarraing pictiúr de cheann amháin acu agus scríobh trí phointe eolais faoin ainmhí sin.
- Cruthaigh nead éin as géagáin, cipíní agus féar, agus fág i gcrann é. Nuair a thagann éan chuig an nead, tarraing íomhá den éan sin agus faigh amach cén chineál éin é.
- Tugtar 'crainn sióg' ar chrainn guíonna freisin toisc go gcreidtí go raibh bealach isteach chuig domhan na sióg sna crainn. Scríobh scéal faoi chuairt a thabhairt ar dhomhan na sióg trí chrann.

# MÓR AGUS MUILC

**John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla**
**Maisithe ag Kim Sharkey**

ÉABHLÓID
CRUA, 28LCH, €12.00
ISBN 9780995611993

**Oiriúnach do 5–7, 8–10**




## Téamaí

- Buairt
- Bás

## Achoimre

Scéal béaloidis é seo a d'aithris John Óg Ó Colla do Dhónall Ó Cnáimhsí as Gaoth Dobhair agus é ina pháiste. Leabhar pictiúr é seo atá bunaithe ar ramás traidisiúnta Gaeilge. Cuireann sé síos ar bheirt charachtar shamhailteacha, Mór agus Muilc, agus na heachtraí a bhíonn acu i ndiaidh dóibh casadh le portán ar an trá. Ceapann Mór agus Muilc gurb é an bás atá sa phortán agus imíonn siad ina rith le heagla. Casann siad le cuid mhór carachtar agus imíonn siad mar ghrúpa ag rith ón bportán. Foghlaimítear dhá cheacht ón scéal: níor cheart ligean don eagla an bua a fháil ort agus níor cheart éisteacht le gach rud a chloiseann tú.

## Faoin Údar

Rugadh John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla ar an Ghlaisigh i nGaoth Dobhair sa bhliain 1918. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois agus chuaigh sé ag obair, ag iompar earraí ón stáisiún traenach i nGaoth Dobhair go dtí an siopa a bhí cóngarach dá theach. In 1936 chuaigh sé go hAlbain le hobair shéasúrach a dhéanamh ar na feirmeacha móra ar an teorainn, agus bhí sé ar ais ina chónaí sa bhaile faoi dheireadh na 1950í. Réitigh sé go maith le páistí i gcónaí agus bhí 'Mór agus Muilc' ar cheann de na scéalta a d'inseodh sé dóibh. Ní raibh a fhios aige cén áit ar chuala sé den chéad uair é – dúirt sé go raibh sé aige ó bhí sé ina pháiste. D'imigh John Óg ar shlí na fírinne in 2006.

## Faoin Maisitheoir

Tá cónaí ar Kim Sharkey lena fear céile ag bun rúidbhealaigh ar chósta thiar-thuaidh Dhún na nGall, lena dtrí ghabhar, trí chat agus a madra, Rosie. Ina stiúideo ansin bíonn sí ag maisiú, ag déanamh obair bheochana, ag péintéireacht agus ag gabháil den chriadóireacht. Faigheann sí spreagadh dá saothair ón bhfiadhúlra flúirseach atá sa cheantar agus ó scéalta iontacha an bhéaloidis atá fite fuaite sa taobh sin tíre agus atá mar dhlúthchuid de mhuintir na háite.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Oscail an leabhar sa dóigh is gur féidir leat an íomhá ar fad ar an gclúdach cúil agus ar an gclúdach tosaigh a fheiceáil. An féidir leat an cruth mór glas a dhéanamh amach? Cad é atá ann dar leat?
2. Oscail an clúdach agus amharc ar na bileoga ceangail. Cá bhfuil an scéal suite dar leat, bunaithe ar na híomhánna sin?
3. Amharc ar ainm an scéalaí. An dtugann sé eolas faoi leith duit faoin scéalaí?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cén fáth a gceapann Mór agus Muilc gurb ionann an portán agus an bás, dar leat?
2. Cén fáth a gcreideann na carachtair éagúla go bhfaca Mór agus Muilc an bás?
3. An dtaitníonn an t-athrá sa scéal leat? Cén fáth?
4. Cén charachtar is mó a thaitníonn leat? Mínigh do rogha.
5. Cad a smaoiníonn tú air agus ainmneacha na gcarachtar á léamh agat?
6. Breathnaigh ar na focail. An dtaitníonn an cló leat? Cén fáth?
7. Cad a tharlaíonn do na carachtair ar fad ag deireadh an scéil?
8. Ar chuir deireadh an scéil iontas ort?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. An raibh cuid ar bith den fhoclóir sa scéal seo dúshlánach? An gcuidíonn na léaráidí leat tuiscint a fháil ar chuid de na focail seo?
2. Amharc siar ar an scéal agus ar na léaráidí – cad é an ról a bhí ag an bportán sa scéal?
3. Léigh an blurba arís. Cad é an ceacht saoil atá le foghlaim ón scéal seo dar leat? An féidir leat é a mhíniú i d'fhocail féin?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. An bhfuil a fhios agat cén chanúint atá in úsáid sa leabhar seo? Cad iad na focail/tréithe a thugann an chanúint le fios?
2. Leanann an scéal carnach foirmle faoi leith agus bíonn athrá ann. Cad é mar a chuidíonn sé seo leis an léitheoir óg agus iad ag léamh?
3. Dúirt an léirmheastóir Dónall Ó Cnáimhsí; 'John Óg, with a twinkle, would explain to the wide-eyed children gathered around him, that there was no escaping Death. Yes, child-rearing was different in the 1970s.' Cad é do bharúilse faoi na téamaí sa leabhar seo? An bhfuil siad oiriúnach do pháistí an lae inniu?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

## Scríobh leagan eile de dheireadh an scéil.

- Scríobh leagan eile de dheireadh an scéil.
- Roghnaigh ceann de na carachtair sa leabhar agus inis an scéal ó dhearcadh an charachtair sin.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine


- Tugtar le fios ag deireadh an leabhair gurb as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall do John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla. Cuardaigh íomhánna ar líne den chaladh ar an Bhun Bheag agus den Earagail. An féidir leat na háiteanna sin a fheiceáil áit ar bith sa leabhar? Déan iarracht teacht orthu ar léarscáil.

# LÚBA

## Alan Titley

AN GÚM
BOG, 153LCH, €10.00
ISBN 9781857919608

### Oiriúnach do 8–10, 10–12




### Téamaí

- Buairt
- Uaigneas
- Cairdeas
- Teaghlach

### Achoimre

Agus í ag streachailt lena saol, deir Lucy gur mhaith léi a bheith ina cat. Cuidíonn a madra léi an t-athrú seo a dhéanamh agus téann sí ag spaisteoireacht, ach aithníonn sí na deacrachtaí a bhaineann le saol an chait. Nuair atá fadhbanna eile aici ina saol mar dhuine, baineann sí triail as lá a chaitheamh mar ainmhithe éagsúla eile, ach foghlaimíonn sí nach bhfuil saol na n-ainmhithe chomh héasca is a cheapann sí.

### Faoin Údar

Is úrscéalaí, file, drámadóir agus scoláire é Alan Titley, a scríobhann do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Bhuaigh sé Gradam Éilís Dillon in 2004 lena leabhar *Amach*. Tá drámaí raidió dá chuid craolta ag RTÉ agus BBC agus tá drámaí stáitse dá chuid léirithe in Amhraclann na Péacóige agus Amharclann Samuel Beckett. Bhí sé i gceannas ar Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, agus ina Ollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Ar mhaith leatsa a bheith i d'ainmhí? Dá mbeadh ort a bheith i d'ainmhí, cén chineál ainmhí a bheadh ionat?
2. Cad iad na deacrachtaí a bhainfeadh le bheith i d'ainmhí?
3. Dá mbeadh ainmhithe in ann labhairt, cad a déarfadh siad, dar leat?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Cad atá Mam agus Daid ag argóint faoi? (Caibidil 1)
2. Cad a aithníonn Lucy i ndiaidh di athrú? (Caibidil 2)
3. Cad a fheiceann Lucy agus í thuas sa chrann? (Caibidil 2)
4. Conas a mhothaíonn Lucy nuair a fheiceann sí éan? (Caibidil 2)
5. Cén fáth a seolann an múinteoir Lucy chuig an Ardmháistir? (Caibidil 3)
6. Cad a itheann Lucy agus í ina héan? (Caibidil 4)
7. Cén fáth nach bhfuil tuismitheoirí Lucy ag iarraidh go rachadh sí chuig ceolchoirm Elphin Grot? (Caibidil 5)
8. Conas a fhaigheann Lucy amach nach bhfuil ticéad aici don cheolchoirm a thuilleadh? (Caibidil 5)
9. Cén fáth a gcuirtear an litir 'L' i bhfocail nuair atá Lucy ag caint le héisc eile, dar leat? (Caibidil 6)
10. Cad a aimsíonn Lucy ina cluas i ndiaidh di a bheith ina hiasc? (Caibidil 7)
11. Cén fáth a dtagann an Sáirsint Ó Dorchaí chuig an teach? (Caibidil 7)
12. Deir an cailín eile i stáisiún na nGardaí gurb é 'An tOCRAS' is cúis léi ríomhaire a ghoid. Cad atá i gceist aici, dar leat? (Caibidil 7)
13. Cén fáth a bhfuil Lucy ag iarraidh a bheith ina heilifint? (Caibidil 7)
14. Déan cur síos ar na fir ón sorcas. (Caibidil 8)
15. Cad a dhéanann tuismitheoirí Lucy ag deireadh an scéil? (Caibidil 9)

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Cén fáth a raibh Lucy ag iarraidh a bheith ina cat ag tús an scéil?
2. An dtaitníonn na léaráidí leat? Roghnaigh an ceann is fearr leat agus mínigh do rogha.
3. Smaoinigh ar na ceisteanna a d'fhreagair tú ar chlé – 'Ar mhaith leatsa a bheith i d'ainmhí? Dá mbeadh ort a bheith i d'ainmhí, cén chineál ainmhí a bheadh ionat?' – arís. Ar athraigh do fhreagra i ndiaidh duit an leabhar a léamh?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Tá méid mór leasainmneacha ag carachtair sa scéal seo. Cén leasainm is fearr leat ón leabhar? Mínigh do rogha.
2. Cad iad na deacrachtaí atá ag Lucy nuair is ainmhí í? An bhfuil na deacrachtaí sin níos measa ná na deacrachtaí agus í ina duine?
3. Cad a d'fhoghlaim tú ón scéal seo faoin mbealach a mbíonn daoine ag plé le hainmmhithe?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Agus í ina cat, dreapann Lucy suas crann agus breathnaíonn sí síos ar an lána agus na gairdíní timpeall uirthi. Dá ndreapfá suas crann éigin gar duitse, cad a d'fheicfeá? Tarraing na nithe a bheadh thart timpeall ort.
- Tá méid mór cuimhní ag Lucy ar uaireanta a raibh sí féin agus Meadhbh i dtrioblóid lena chéile. Scríobh scéal fút féin agus cara leat agus sibh ag cothú trioblóide.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Úsáideann Glafar agus Lucy rannta le hathrú go hainmhithe éagsúla. Scríobh rann eile di dá mbeadh sí ag athrú go cineál eile ainmhí nach bhfuil sa leabhar.
- Cuirtear Lucy chuig an Ardmháistir in ainneoin nach ndearna sí an méid a dúirt an múinteoir. Scríobh scéal faoi uair a raibh tusa i dtrioblóid mar gheall ar rud nach ndearna tú. (Munar tharla seo duit cheana, is féidir scéal a chumadh.)

# INIS MARA

## Tristan Rosenstock

LeabhairCOMHAR
BOG, 82LCH, €12.00
ISBN 9781919601397




## Oiriúnach do 8–10, 10–12, 12–14

## Téamaí

- Crógacht
- Saint
- Timpeallacht

## Achoimre

Is cailín óg í Éabha atá ina cónaí ar Inis Mara. Nuair a chuirtear an Santóir i gceannas ar an oileán, feiceann Éabha an dochar a dhéanann ola agus saint don oileán. Cruthaíonn sí plean le stop a chur leis an Santóir agus a chomrádaithe, Bodach agus Trodach, agus teacht i gcabhair ar mhuintir Inis Mara, Inis Lia agus Inis Móna.

## Faoin Údar

Is scríbhneoir, ceoltóir, eagarthóir agus láithreoir raidió é Tristan Rosenstock. Cuireann sé an clár ealaíne *An Cúinne Dána* i láthair ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá sé ina eagarthóir liteartha ar an iris *Comhar*. Is ball é den bhanna ceoil Téada agus tá sé tar éis taisteal ar fud an domhain leo. Is é *Inis Mara* an chéad leabhar a scríobh sé agus roghnaíodh é do Lá Domhanda na Leabhar sa bhliain 2024. Tháinig an dara leabhar sa tsraith, *Inis Mara 2*, amach in 2024 chomh maith.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Breathnaigh ar an gclúdach. Cén chuma atá ar an gcailín?
2. Cad atá ar eolas agat faoi athrú aeráide? An ndéanann tusa aon ghníomh chun cabhrú leis an timpeallacht?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. Conas a éiríonn leis an Santóir an toghchán a bhuachan?
2. Cad a dhéanann Nell le cabhrú le hÉabha?
3. Cad a tharlaíonn do na héisc sa bhfarraige timpeall ar Inis Mara?
4. Cad a dhéanann an Santóir le praghas na hola i ndiaidh Oíche Shamhna?
5. Cén t-ábhar a ndéantar grianphainéil as? Conas ar féidir an t-ábhar sin a chruthú ar Inis Mara?
6. Cén fhianaise a aimsíonn Éabha gur chóirigh an Santóir an toghchán?
7. Cén chaoi a n-úsáideann Iarla agus Éabha iasc le bua a fháil ar an Santóir?
8. Cad a thug muintir Inis Mara faoi deara cúpla lá tar éis dóibh an monarcha ola a dhúnadh?
9. Cén phost a thugann Chloe an tEolaí d'Iarla?
10. Cad a deir muintir Inis Móna le hÉabha nuair a bhuaileann sí leo?
11. Cén fáth nach dtéann Éabha chuig an bhféasta ag deireadh an scéil?

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Cad é do thuairim faoin Santóir?
2. Cén chineál duine í Éabha?
3. Breathnaigh ar na léaráidí sa leabhar agus roghnaigh an ceann is fearr leat. Cén fáth a dtaitníonn an ceann sin leat?

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Dá mbeadh tusa i do chónaí ar an oileán, cad a dhéanfá le stop a chur leis an Santóir?
2. Cén chaoi a ndéanann ola dochar don oileán?
3. Cad is brí le 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'? Tabhair sampla de bhealach a mbeadh sin oiriúnach le rá i do shaol féin.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Tarraing léarscáil d'Inis Mara. Cuir marc san áit a bhfuil teach Éabha, an scoil, ceardlann Mhicí na mBád, an cillín, an monarcha agus aon áit thábhachtach eile sa scéal.
- Cruthaigh bád beag as páipéar nó papier-mâché agus tabhair ainm don bhád. Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú an t-ainm sin.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine


- Scríobhann Éabha litir chuig Chloe an tEolaí agus í sa phríosún. Scríobh litir uait féin chuig Chloe le tacú léi.
- Léigh faoi bhealach a bhfuil ola ag déanamh dochar don timpeallacht sa bhfíorshaol. Cruthaigh plean leis an bhfadhb a réiteach.
- Deir Chloe an tEolaí go bhfuil sí chun bonn crógachta agus Saoirse an Oileáin a bhronnadh ar Éabha. Ainmnigh duine a mbronnfása bonn crógachta agus Saoirse na hÉireann orthu agus mínigh an fáth ar roghnaigh tú an duine sin.

# EACHTRA AR OILEÁN NA RÚN

## Brian Ó Broin

LEABHAR BREAC
BOG, 136LCH, €9.00
ISBN 9781909907553

**Oiriúnach do 10–12, 12–14**




### Téamaí

- Mistéir
- Teaghlach

### Achoimre

Is déagóirí óga iad Ána agus Mac Dara atá chun samhradh a chaitheamh in éineacht lena n-aintín agus a n-uncail, ar seandálaithe iad beirt. Ach cuireann eachtraí mistéireacha le hiontas an tsamhraidh agus níl suaimhneas ná codladh oíche i ndán do na déagóirí nuair is léir dóibh go bhfuil caimiléireacht ar bun i gcroílár an Mhúsaeim Náisiúnta. An gcabhróidh cailín mistéireach agus madra cliste leo teacht ar réiteach na seoda goidte agus na leabhar ársa a n-aimsíonn siad le linn an tsamhraidh?

### Faoin Údar

Údar ildánach é Brian Ó Broin. Gaillimheach, léachtóir, múinteoir, agus craoltóir is ea é, agus is Ollamh ollscoile é in William Paterson University i New Jersey. Tá saothair i gcló leis sa teangeolaíocht, i léann na meánaoise, agus i léann na hÉireann. Tá roinnt duaiseanna Oireachtais buaite aige as a chuid úrscéalta agus drámaí, agus cuireadh a dhráma Na hEorpaigh ar stáitse i dTaibhdhearc na Gaillimhe in 2002.

# CEISTEANNA

## Sula dtosaíonn tú

1. Cén chineál áite a shamhlaíonn tú leis an ainm 'Oileán na Rún'? Cén rún a shamhlófá ar an oileán?
2. An bhfuil leabhar, scannán, clár teilifíse nó scéal mistéireach cloiste agat cheana? Cad a tharla sa mhistéir sin?
3. An dtaitníonn scéalta mistéireacha leat? Cén fáth?

## Le linn duit a bheith ag léamh

1. An aontaíonn tú le cinneadh Bhríd nuair a insíonn sí bréag d'Ána agus Mac Dara? Cén fáth? (Caibidil 2)
2. Cad a bhí aisteach faoin bhfear a chonaic Ána ag an halla bagáiste? (Caibidil 3)
3. Cén chineál madra é Gleo? (Caibidil 4)
4. B'fhearr le Brian agus Seosaimhín a bheith faoin tuath. Arbh fhearr leatsa a bheith faoin tuath nó sa chathair? Cén fáth? (Caibidil 5)
5. Cad a cheapann tú atá in íoslach Uimhir 9, Sráid Obar Dheathain? (Caibidil 6 agus 7)
6. Cad a chonaic Mac Dara sa ghairdín? (Caibidil 8)
7. Dhúisigh Ána i lár na hoíche (Caibidil 9) – ar dhúisigh tusa i lár na hoíche cheana? Cad a chuala tú nó cad a chloisfeá i lár na hoíche?
8. Conas a bhfuil a fhios ag Mac Dara gur leagan bréagach de Shaltair Ráth Aodha atá sa mhúsaem? (Caibidil 10 agus 11)
9. Cé hí Siobhaí? (Caibidil 13)
10. Conas a aithníonn Ána an cófra sa charr i mBaile an Locha? (Caibidil 14)
11. Cén fáth a bhfuil amhras ar Ána faoi Mhagnus? (Caibidil 17)
12. Cad a aimsíonn Ána i mballa an tséipéil? (Caibidil 17)
13. Cad a aithníonn Mac Dara faoin eochar atá sa bhosca sa loch? (Caibidil 18)
14. Cé hé Henrik Karlsson? (Caibidil 20)
15. Conas a aimsíonn Mac Dara an tollán sna seilfeanna? (Caibidil 21)
16. Conas a thagann Gleo i gcabhair ar Ána agus Mac Dara? (Caibidil 22)

## Tar éis duit an scéal a léamh

1. Ar mhaith leat a bheith i do sheandálaí? Cén fáth?
2. Insíonn cuid na carachtair sa scéal seo bréaga. An bhfuil bréaga inste agatsa cheana? Inis bréag don duine in aice leat.

## Ceisteanna do léitheoirí níos sine

1. Déantar eolas a cheilt ar an léitheoir tríd an leabhar. Déan cur síos ar chuid den scéal inar tharla rud éigin nach raibh tú ag súil leis toisc an t-eolas a bheith faoi cheilt.
2. An bhfuil críoch sásúil leis an scéal seo, dar leat? Mínigh do fhreagra.
3. Cén charachtar is fearr leat ón leabhar? Cén fáth a dtaitníonn siad leat?

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Tarraing pictiúr de thochaltán agus ainmnigh na huirlisí atá in úsáid ann.
- Scríobh críoch eile a d'fhéadfadh a bheith ar an scéal.

## Gníomhaíochtaí do léitheoirí níos sine

- Inis scéal scanrúil nó mistéireach do ghrúpa. Múch na soilse, tarraing na cuirtíní agus déan an seomra a chóiriú le cur leis an atmaisféar.
- Foghlaimíonn Áine agus Mac Dara gurb é 'Salida de Emergencia' an Spáinnis ar 'Éalú'. (Caibidil 10.) Smaoinigh ar chomhartha eile a fheiceann tú sa ghnáthshaol. Scríobh i nGaeilge agus i Spáinnis é.




Déan cóip dár dtreoirleabhar léitheoireachta a íoslódáil inniu! Tá léirmheasanna ar 100 leabhar den scoth do pháistí agus daoine óga ann agus is áis scoile iontach í do Sheachtain na Gaeilge. Má tá tú ag iarraidh scéalta Gaeilge atá soléite agus tarraingteach a léamh le do pháistí sa bhaile nó sa rang scoile, is é seo an treoirleabhar léitheoireachta duitse!

Download a copy of our reading guide today! It is packed with reviews of 100 excellent reads for children and young people, and it's the perfect school resource for Seachtain na Gaeilge. If you're looking to explore accessible and engaging stories as Gaeilge with your children at home or in the classroom, this is the reading guide for you!

Le tuilleadh léirmheasanna iontacha a aimsiú téigh chuig / For more great reviews go to

**childrensbooksireland.ie | loveleabhargaeilge.ie**

Is comhthogra é seo idir Leabhair Pháistí Éireann agus Foras na Gaeilge, le tacaíocht ó Love Leabhar Gaeilge.
This is a collaborative project between Children's Books Ireland and Foras na Gaeilge, supported by the Love Leabhar Gaeilge initiative.

the arts council an chomhairle ealaíon — cistiú na healaíona
LOVE LEABHAR GAEILGE
Foras na Gaeilge
leabhair pháistí éireann ag cothú léitheoirí

# LOVE LEABHAR GAEILGE

## Aimsigh an Scéal is Ansa Leat

### Discover Your Favourite Story

Tacaíonn Love Leabhar Gaeilge, i gcomhar le Foras na Gaeilge, le foilsitheoirí agus údair chun leabhair Ghaeilge a chur chun cinn. Tugann muid inspioráid do léitheoirí trí fheachtais mhargaíochta, léirmheasanna, blaganna agus idirghníomhaíocht rialta ar na meáin shóisialta. Bíonn ár bhfoireann i láthair ag imeachtaí ag cruthú ábhair físe, ag cothú pobal bríomhar ar líne agus ag cinntiú go bhfuil an Ghaeilge i lár an aonaigh ag ócaidí ar nós *An Post Irish Book Awards*.

Is céim thábhachtach dúinn í go bhfuil muid ag tacú leis an bhfeachtas iontach seo le Leabhair Pháistí Éireann. Cuireann muid ábhar bolscaireachta ar fáil do shiopaí leabhar agus cuireann muid spotsolas ar roinnt leabhar sa leabhrán seo ar ár suíomh gréasáin, ar ár gcainéil shóisialta agus inár nuachtlitir.

**Aimsigh an scéal is ansa leat** anois trí chlárú dár nuachtlitir le haghaidh an nuacht is déanaí ar leabhair, imeachtaí agus acmhainní.

Bain úsáid as an haischlib **#LoveLeabharGaeilge** agus inis dúinn cén leabhar Gaeilge atá á léamh agat faoi láthair.

*Love Leabhar Gaeilge, in association with Foras na Gaeilge, supports publishers and authors to promote Irish-language books. We provide reading inspiration through marketing campaigns, reviews, blogs, and regular social media engagement. Our team attends events throughout the year, creating video content to nurture our online community of readers, young and old. In addition to ensuring that Irish-language literature continues to grow on the national stage at An Post Irish Book Awards.*

*We are thrilled to support this campaign with Children's Books Ireland. We are providing promotional materials for bookshops and shining a spotlight on selected books from this reading guide on our website, social channels, and newsletter. Register now for our newsletter to 'Discover your favourite story' with our latest news, event highlights, and resources.*

*Use the hashtag **#LoveLeabharGaeilge** on social media to let us know what Irish language book you are reading.*

Tuilleadh eolais - More information: **www.loveleabhargaeilge.ie**
Lean muid - Follow us: **@loveleabhargaeilge @LoveLeabharG**

Foras na Gaeilge

# ÁIS

ÁISÍNEACHT DÁILEACHÁIN LEABHAR

IRISH-LANGUAGE BOOK DISTRIBUTION

**Cuireann Áis seirbhís dáileacháin ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus cinntíonn sé soláthar leabhar Gaeilge ar an margadh.**

**Díolann Áis leabhair Ghaeilge de gach seánra le siopaí leabhar agus díoltóirí leabhar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.**

**Tá an-bhród ar Áis réimse leathan de sheirbhísí corparáideacha a sholáthar d'ár gcliaint.**

**Cuirfimid fáilte mhór roimh chliaint nua i gcónaí.**

Áis provides a distribution service for Irish-language publishers and ensures a supply of Irish-language books on the market.

Áis sells Irish-language books of all genres to bookshops and booksellers nationally and internationally.

Áis is extremely proud to offer a wide range of corporate services to our clients.

We warmly welcome any potential new clients.

Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (Áis),
Aonad 3, Páirc Ghnó Dhún Seachlainn,
Dún Seachlainn,
Co. na Mí,
A85 V624.

+353 1 661 6522 | ais@forasnagaeilge.ie

www.forasnagaeilge.ie/ais



LOVE LEABHAR GAEILGE

Foras na Gaeilge

# KPMG Children's Books Ireland Awards

## #ReadingHeroes

### A MHÚINTEOIRÍ – Ar mhaith leat grá don léitheoireacht a thabhairt do do dhaltaí?

Cláraigh inniu, saor in aisce, le páirt a ghlacadh sna Moltóirí Sóisearacha do Ghradaim Leabhair Pháistí Éireann. Spreag do dhaltaí le go mbeidh a nguthanna le cloisteáil agus buaiteoir Ghradam na Moltóirí Sóisearacha á roghnú.

Cabhróidh an rannpháirtíocht seo leis na daltaí i bpríomhréimsí den churaclam. Rachaidh siad i bhfeabhas sna réimsí seo ar fad: teanga ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht, na hamharc-ealaíona, cumarsáid, dul i mbun oibre le daoine eile agus cruthaitheacht. Is slí spraíúil agus idirghníomhach é chun daltaí de gach aois a chur ag léamh.

**GHEOBHAIDH GACH GRÚPA:**

**• Paca acmhainní digiteacha speisialta • Póstaer • Leabharmharcanna**

**CLÁRAIGH DO GHRÚPA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH AR NA DEISEANNA SEO A LEANAS***

**• Cuairt ó údar nó ó mhaisitheoir ar do scoil • Cóipeanna de na leabhair atá ar an ngearrliosta**
**• Ceardlann le ball foirne de chuid KPMG • Ticéid don searmanas bronnta duaiseanna i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath le linn Fhéile Idirnáisiúnta Litríochta Bhaile Átha Cliath**

**Seans a bheith páirteach i bhfíseán gearr faoi na Moltóirí Sóisearacha *líon teoranta tacaíochtaí breise bunaithe ar riachtanas*

Gheofar tuilleadh eolais agus is féidir clárú ag **childrensbooksireland.ie**



SCANAIGÍ ANSEO

arts council / an chomhairle ealaíon – cistiú litríocht
KPMG
INTERNATIONAL LITERATURE FESTIVAL DUBLIN
LOTTERY FUNDED – arts council
leabhair pháistí éireann – ag cothú léitheoirí

childrensbooksireland.ie
#EveryChildAReader
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland
Children's Books Ireland
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland.ie

loveleabhargaeilge.ie
#LoveLeabharGaeilge
@loveleabhargaeilge
@loveleabharg
@LoveLeabharG
@love-leabhar-gaeilge
@loveleabhargaeilge.bsky.social